II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1626 ÓN gCOIMISIÚN

**an 19 Aibreán 2023**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 a mhéid a bhaineann leis an sásra pionóis le haghaidh teipeanna socraíochta a bhaineann le hidirbhearta imréitithe arna gcur isteach ag CPLanna le haghaidh socraíochta**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(15), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 7(11) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, níl feidhm le bheith ag an gcóras pionós airgid maidir le rannpháirtithe a dteipfidh orthu agus ar contrapháirtithe lárnacha iad.

(2) Foráiltear le hAirteagal 19 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún ([2]), mar is infheidhme faoi láthair, maidir le sásra sonrach i dtaca le bailiú agus dáileadh pionós airgid ag contrapháirtithe lárnacha (“sásra pionóis”) chun a áirithiú, i leith teipeanna socraíochta a bhaineann le hidirbhearta imréitithe, i gcás ina ndéanfaidh contrapháirtithe lárnacha iad féin a idirchur idir contrapháirtithe, nach gcuirfear pionóis airgid i bhfeidhm ar chontrapháirtithe lárnacha.

(3) Mar gheall ar an iliomad páirtithe lena mbaineann, áfach, cuireann cur i bhfeidhm an tsásra pionóis ag contrapháirtithe lárnacha rioscaí oibriúcháin, castachtaí teicniúla agus costais leis an bpróiseas chun pionóis airgid a bhailiú agus a dháileadh le haghaidh teipeanna socraíochta a bhaineann le hidirbhearta imréitithe. D’fhéadfadh taisclanna lárnacha urrús pionóis maidir le teipeanna socraíochta a bhaineann le hidirbhearta imréitithe a ríomh, a chur i bhfeidhm, a bhailiú agus a athdháileadh ina n-iomláine ó na rannpháirtithe uile agus ar na rannpháirtithe uile a shainaithnítear sna treoracha socraíochta arna gcur isteach ag contrapháirtithe lárnacha, i gcomhréir le hAirteagail 16, 17 agus 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229, mar aon phionós eile ar theipeanna socraíochta a bhaineann le hidirbhearta neamh-imréitithe.

(4) De bhun Airteagal 2(19) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, féadfaidh aon institiúid, contrapháirtí lárnach, gníomhaire socraíochta, oibreoir córais tithe imréitigh nó comhalta imréitigh de chontrapháirtí lárnach cáiliú mar rannpháirtí.

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála maidir le smacht socraíochta (IO L 230, 13.9.2018, lch. 1).

(5) Chun ríomh, bailiú agus dáileadh na bpionós airgid maidir le teipeanna treoracha socraíochta a bhaineann le hidirbhearta imréitithe arna gcur isteach ag contrapháirtithe lárnacha a éascú, agus san am céanna na rioscaí agus an costas a bhaineann le próiseas den sórt sin a laghdú, ba cheart do thaisclanna lárnacha urrús na pionóis airgid a bhaineann le treoracha socraíochta arna gcur isteach ag contrapháirtithe lárnacha le haghaidh idirbhearta imréitithe a ríomh, a bhailiú óna rannpháirtithe ábhartha agus a dháileadh orthu, de bhun Airteagail 16, 17 agus 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229.

(6) I gcás ina ndéanfaidh contrapháirtithe lárnacha iad féin a idirchur idir contrapháirtithe, is iondúil gurb é nialas glanmhéid na bpionós nach mór do thaisclanna lárnacha urrús a bhailiú agus a dháileadh i ndáil le treoracha socraíochta arna gcur isteach ag contrapháirtí lárnach, ós rud é gurb é atá sna treoracha socraíochta arna gcur isteach ag an gcontrapháirtí lárnach an dá chéim de na hidirbhearta imréitithe. Mar sin féin, i gcásanna áirithe amhail seachadadh déanach urrús chuig contrapháirtí lárnach ar an dáta socraíochta atá beartaithe nach gceadaíonn na treoracha seachadta ón gcontrapháirtí lárnach a shocrú, nó i gcásanna ina bhfuil difríochtaí sna pionóis arna ríomh ag taisclanna lárnacha urrús éagsúla, féadfaidh suíomhanna neamhchomhardaithe i leith idirbhearta imréitithe fanacht i leabhair na gcontrapháirtithe lárnacha agus d'fhéadfadh glanmhéid na bpionós a bheidh le bailiú ó chontrapháirtithe lárnacha, nó le dáileadh orthu, a bheith éagsúil le nialas. I gcásanna den sórt sin, ba cheart cead a bheith ag na contrapháirtithe lárnacha glanmhéid na bpionós, an chreidmheasa nó an dochair atá fágtha a leithdháileadh ar a gcomhaltaí imréitigh. Ba cheart do chontrapháirtithe lárnacha sásra iomchuí a bhunú ina rialacha chuige sin.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 a leasú dá réir sin.

(8) Chun a áirithiú nach ndéanfar difear cúlghabhálach do ríomh na bpionós le haghaidh teipeanna socraíochta a tharlóidh roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, is iomchuí forálacha idirthréimhseacha a chur san áireamh.

(9) Ionas go mbeidh contrapháirtithe lárnacha agus taisclanna lárnacha urrús in ann na hoiriúnuithe teicneolaíochta is gá a chur chun feidhme d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar an sásra pionóis leasaithe, is iomchuí cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar.

(10) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a forbraíodh i ndlúthchomhar le comhaltaí an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí faoi bhráid an Choimisiúin.

(11) An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229**

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229:

'*Airteagal 19*

**Sásra pionóis le haghaidh teipeanna socraíochta a bhaineann le hidirbhearta imréitithe arna gcur isteach ag CPLanna le haghaidh socraíochta**

Maidir le teipeanna socraíochta a bhaineann le hidirbhearta imréitithe arna gcur isteach ag contrapháirtithe lárnacha le haghaidh socraíochta, cuirfidh taisclanna lárnacha urrús Airteagail 16, 17 agus 18 i bhfeidhm.

Féadfaidh contrapháirtithe lárnacha aon ghlanmhéid atá fágtha de phionóis, creidmheas nó dochar, arna íoc de bhun Airteagal 16 agus arna dháileadh de bhun Airteagal 17(2), a leithdháileadh ar a gcomhaltaí imréitigh.

Bunóidh contrapháirtithe lárnacha sásra iomchuí ina rialacha chuige sin.'

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

*Airteagal 2*

**Foráil idirthréimhseach**

Airteagal 19 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 de réir mar is infheidhme an 1 Meán Fómhair 2024 leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige maidir le teipeanna socraíochta a tharla roimh an 2 Meán Fómhair 2024.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 2 Meán Fómhair 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Aibreán 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN